

An Banc Teanga

Cén ceann?

Léigh na habairtí seo a leanas agus roghnaigh an freagra ceart i ngach cás chun na bearnaí a líonadh.

Read the following sentences and chose the correct answer to fill in the blanks.

1. Is maith _____ bainne i mo chupán tae.

- a. agam b. orm c. liom

2. Ní mhothaím rómhaith mar tá slaghdán _____.

- a. agam b. orm c. liom

3. Tá triúr deirfiúracha agus deartháir amháin _____.

- a. agam b. orm c. liom

4. Cad atá _____, a chréatúir?

- a. agat b. ort c. leat

5. An maith _____ spórt?

- a. agat b. ort c. leat

6. Tá Gaeilge líofa agus beagán Fraincise _____.

- a. agam b. orm c. liom

7. Tá tinneas cinn _____.

- a. agam b. orm c. liom

8. An bhfuil scileanna ríomhaireachta _____?

- a. agat b. ort c. leat

Banc Teanga - ♂ nó ♀

Léigh na habairtí seo a leanas. Athscríobh na habairtí ag baint úsáide as *air* nó *uirthi* agus *sé* nó *sí*.

Read the following sentences. Rewrite them using *air* or *uirthi* and *sé* or *sí*.

Mar shampla: 1. Tá tinneas cinn uirthi. Ní mhothaíonn sí go maith.

1. Is mise Ailín. Tá tinneas cinn orm. Ní mhothaím go maith.
2. Sergio is ainm dom. Tá tinneas cluaise orm. Ní mhothaím go maith.
3. Luigi is ainm dom. Tá slaghdán uafásach orm. Ní mhothaím go maith.
4. Is mise Eibhlín. Tá fliú orm. Ní mhothaím go maith.
5. Is mise Fabian. Tá scornach thinn orm. Ní mhothaím go maith.

An Banc Teanga Frásaí fiúntacha

Úsáidtear na forainmneacha réamhfhoclacha *orm* agus *ort* go minic sa Ghaeilge. Déan iarracht na frásaí ar chlé a mheaitseáil leis na cinn as Béarla ar dheis / *The prepositional pronouns orm and ort are often used in Gaeilge. Try to match the phrases on the left with the phrases in English on the right.*

- | | |
|--------------------------------|-----------------------------------|
| 1. Tá an t-ádh orm. | a. I am happy. |
| 2. Níl cíos, cás nó cathú orm. | b. I am lucky. |
| 3. Tá áthas orm. | c. I have a question for you |
| 4. Tá ceist agam ort. | d. Keep going! |
| 5. Coinnigh ort! | e. I haven't a care in the world. |
| 6. Tá biseach orm. | f. God's curse on you! |
| 7. Mallacht Dé ort! | g. I am better. |

1	2	3	4	5	6	7	8

The prepositional pronoun ar is often used in blessings and curses in Irish. See if you can find translations for these blessings and curses.

God prosper you.

God's blessing on you.

Easter blessings to you.

Banc Teanga

Cé a dúirt é?

Meitseáil na habairtí leis na híomhánna cearta. Scríobh uimhir na híomhá in aice leis an abairt chuí / Match the sentences to the correct image. Write the number of the image beside the correct sentence.



1.



2.



3.



4.




5.



6.



7.



8.

- a. Tá pian uafásach i mo dhroim.
- b. Bhí mé san ospidéal mar bhris mé mo shrón.
- c. Tá slaghdán orm.
- d. Tá tinneas cinn orm.
- e. Ní mhothaím rómhaith in aon chor.
- f. Bhí mé ag imirt peile agus leon mé mo chos.
- g. Bhí mé ag imirt cispheile agus ghortaigh mé mo lámh.
- h. Bhí mé ag an bhfioclóir.

An Banc Teanga - An Aimsir Chaite

Athscríobh na habairtí seo a leanas san aimsir chaite.

Rewrite the following sentences in the past tense.

Bí cúramach leis na frásaí seo a leanas / *Be careful with the following phrases:*

An aimsir chaite

inné
an deireadh seachtaine seo caite

An aimsir láithreach

gach lá
gach deireadh seachtaine

1. Seinnim an fheadóg gach lá.

2. Buailim le mo chairde gach deireadh seachtaine.

3. Brisim mo shrón gach lá.

4. Leonaim mo chos gach lá.

5. Téim ag rith gach deireadh seachtaine.

6. Táim go maith gach lá.

Conas a chuirtear briathra sna haimsirí seo a leanas / how do you conjugate verbs in the following tenses?

Freagair as Béarla / Answer in English.

○ **Aimsir Chaite?** _____

○ **Aimsir Láithreach?** _____

An Banc Teanga

An dochtúir nó an t-othar?

Léigh na habairtí seo a leanas agus athscríobh an comhrá san ord ceart. Cé a dúirt na habairtí difriúla – an dochtúir nó an t-othar?.

Read the following sentences and rewrite the conversation in the correct order. Who said the different sentences – the doctor or the patient?

- Ní mhothaím rómhaith.
- Dia duit agus fáilte isteach.
- Conas atá tú?
- Conas atá tú féin?
- Dia is Muire duit.
- Cad atá cearr?
- Níl ach tá pian i mo dhroim.
- Tá tinneas cinn orm.
- An bhfuil pian i do mhúineál?
- An bhfuil tú te?
- Míle buíochas.
- Táim go breá, buíochas le Dia.
- Táim te agus fuar.
- An bhfuil casachtach ort?
- Go raibh míle maith agat. Cé mhéad ar sin?
- Seo duit.
- Níl ach tá mo shrón stoptha.
- Tá fliú ort. Tóg na piollairí seo, ól go leor uisce agus tabhair aire. Is fearr an tsláinte ná an táinte.
- Sin €50.

An dochtúir: Dia duit agus fáilte isteach.

An t-othar: Dia is Muire duit.

- Úsáidtear an seanfhocal '**Is fearr an tsláinte ná an táinte**' sa chomhrá thuas. Ciallaíonn sé **Health is better than wealth**. An bhfuil a leithéid de sheanfhocail i do theanga dhúchais?.
- *The proverb **Health is better than wealth** is used in the above conversation. Is there a proverb like this in your native language?*